# Gníomhaíocht 2
# Leathanach an Mhúinteora

**Tá spriocanna difriúla againn go léir, mar shampla, ag sábháil le haghaidh laethanta saoire an bhliain seo chugainn, fiacha a ghlanadh nó ciste éigeandála a thosú.**

**Nuair a bhíonn sprioc agat, tá sé níos éasca cloí le buiséad.**

**Chomh luath agus a aithníonn tú do sprioc, ní mór duit a fháil amach cé mhéad a chosnóidh sí agus conas a chuirfidh tú airgead ar leataobh chun í a bhaint amach.**

## Samplaí: spriocanna airgid a d'fhéadfadh a bheith ag daoine difriúla

| Samplaí de spriocanna airgid | | |
|---|---|---|
| **Gearrthéarmach** | • Sábháil le haghaidh ríomhaire glúine nó taibléid<br>• Sábháil i gcomhair bronntanais do chara<br>• Sábháil don Nollaig<br>• Sábháil le haghaidh saoire | 0 - 3 bliana |
| **Meántéarmach** | • Sábháil le haghaidh athchóiriú tí<br>• Sábháil le haghaidh oideachas leanaí<br>• Sábháil le teach níos mó a cheannach<br>• Sábháil chun cnapshuim a íoc as do mhorgáiste | 3 bliana - 10 mbliana |
| **Fadtéarmach** | • Íoc isteach i bpinsean chun ioncam scoir a choigilt<br>• Íoc as do mhorgáiste luath<br>• Slándáil airgeadais fhadtéarmach | 10 mbliana nó níos mó |